Béal Feirste i gCorcaigh

Cáit scaifte de baill Cumann Chluain Ard, Béal Feirste deireadh seachtaine 3ú agus 4ú lá d'Aibreán i gCorcaigh. Suas le scór duine a chuaigh ann ar chuireadh ó Chraobh an Chraoibín Aoibinn, craobh de Chonradh na Gaeilge de chuid is bhfomhaire i gCúige Mumhan agus in Éirinn féin. Tá sé de nós le tamall anuas ag an chraobh seo oíche chaidrimh a chur sa tsiúl agus dream as baile isteach a thabairt ann. Tug siad cuireadh do mhuintir Chluain Ard teacht agus is breá fial mar a cáit siad linn. Níl aon-duine dá deachaidh ann nár bain sult thar bárr as a' turas, agus sa deireadh ní rabh d'ábhar gearáin againn ach comh gasta 's a chuaigh an t-am isteach.

Bí gach cineál socraithe go maith ag na Corcaigh. Cáit muid béile in Arms a' Chraoibín Aoibinn indiaidh dúinn a' chathair a bhaint amach. Níor choisig an oíche chuideacht go dtí 9.30, rud a d'fág neart ama againn le h-eolas a chur ar Chorcaigh. D'aimsigh cuid againn, gan aonmhoill, teach óil Uí Chianaig agus ansin bhuail muid le Gaeilgeoirí eile as Baile Múirne, Béal an Ghaortaidh agus as a' chathair féin. Comhair a beith gur Gaeilg amháin a bí a labhairt ann fad a mhair a chuideachta, rud a chuir an-áthas ar bean a' toighe. Cáit muid scoit oíche ansin le damsa, ceol agus cuideachta ins an Arms agus is i dtoighthe baill na Craoibhe a bí muid a' stopadh. Indiaidh an Aifrinn Gaeilge Dia Domhnaigh chuaigh muid ar turas fá Chorcaigh agus fá'n cheantar maguaird, agus chonnaic muid áiteacha áille agus suimiúla, agus ina measc Aerphort Corcaigh. D'éigean dúinn ansin agaidh a thabairt ar a' baile agus ní go sásta ar chor ar bith a d'fág muid slán ag príomhchathair na Mumhan.


Is cinte go bhfuil tabhacht nach beag leis a' chineál seo, caidreamh idir Gaeilgeoirí as gach áit ar fud na hÉireann. Cruthaíonn sé muinín iontu as a chéile agus cothaíonn ina n-aigne an smaointe gur d'aonphobal iad. Beatha na Gaeilge an smaointe seo. Níos moille sa bhliain rachaidh dream as Corcaigh ó chuaidh go Béal Feirste agus beidh paill againn a gcineáltas a chúiteamh leo. Cuidigh an dá chraobh seo lena chéile roimhe agus is minic arís a théanfas siad a' rud céanna.

Ar a bhealach arais na baile stad cuid againn i gCaiseal Mumhan agus thug Pádraig ó Máthúna, a bhfuil cogúslann ar a' baile sin aige, thart ar a' Carraig muid agus thaispeáin dúinn na h-iontasaí a bhaineas leis an áit stairiúil seo, "Fiailteach na Marcraí ar tús", mar a thug Ó Rathaille air. Is fiú do gach Éireannach cuairt a thabairt ar Chaiseal le go bhfaighidh sé léargas agus méadú tuigse ar Éire na Gaeilge. Spreag sé muidinne go mór agus b'é an chríoch a b'fearr é a bhféadfaí a chur ar deireadh seachtaine a bí ar feabhas.

Beirt Airí

Tá lúcháir ar fud Dún na nGall go bhfuil beirt Airí as Dún na nGall insan Rialtas i láthair na h-uaire, comh maith le Leas-Ceann Comhairle, agus déanta na fírinne, leis an Ceann Comhairle comh sean, d'féadfaí sé nach ró fada go n-éireódh sé as, agus go mbeadh Ceann Comhairle na Dála as Tírconaill comh maith.


Deirtear ag súil anois le beirt Airí insan Rialtas, go ndéanfar cinnte go bhfuil Tírconaill cothrom na féinne i gcúrsaí deontaisí agus eile ins na bliantaí romhainn, agus go h-áirithe go bhfuil an Gaeltacht i dTírconaill an Gaeltacht is mó in Éirinn, cothrom éigin, agus go mbeidh saothrú le fáil ag an pobal.



An na meilte in Inis Mac a' Duirn.



Cúigear cailín deas—a bí ag múineadh i gColáiste Crónа.



Ag sleamhnú ar na dumhcha gainimhe.



Cé hiad seo—Duais don té is túisce a inseós ar carta poiste condae ar b'as iad agus a n-ainmneacha.

Nuaíocht as na Dúnaibh

Táthar iontach buartha fá bhás Salaí, baintreach Den Séamuis Uí Luafoig, as na Dúnaibh, a cuireadh i reilig an Mhíobhaí, i gceann an dá bhliain 'gus ceithre scór, Ceadaoin an Bhraith. Tá comhbrón na tíre á thabairt dá teaghlach — bhí Dean Dominic Uí Conchúir, as Ros na mBeann; Róise Anna, Dean Seáin Mhic an tSeascnaí, i nGlascó; Máire, Dean Tomáis Marlaí, in Aldergrove, Aontroma, agus Citi, atá ar foirinn Óstáin an Rosapenna (infonacha); Seonaí agus Micí, in Albain; Padaí, sa baile (mic); Máire, bean Phroinsí Mhic Giolla Bhríde (Dún na nGall) agus Áine, bean Phóil Mhic Páidín, Iomaire Fada (Garinfonacha) agus a lán gaolta eile ar fud na paróiste.

Ní raibh oiread cuairteoirí ariamh thart fá'n cheantar seo le linn Shaoire na Cásca agus bí ar an tseachtain s' chuaigh thart — lántí i ngach óstán agus áras-lóistín . . . fiú amháin suíomh-na-gcarbán nach rabh polcaithe fad leis an gheata 'gus gurb éigean do chuid de na comharsain suíomh sealadach a thabairt do cúpla páirtí a bí mall.

Tá lucht carbáin amháin, a cáinig i rith an bealaigh as Co. Aontroma, nach noéan dearmad go ceann i bhfad ar an chéad oíche a chaith siad ins na Dúnaibh. Níor éiriġ leo ceann-scríbe a bhaint amach go dtí indiaidh an mheánoíche, tráth bí gach measartha láidir ag séideadh amhar-aneas.

Dá mbeadh tuigbheal acu don taobh-tíre seo, chan fágfadh siad an gléas taistil agus an taobh leis an gaoith. Níorbh fada ina luí iad, thart fá'n 2 a.m. nuair a thúsaigh an gála, i dtreise 60 míle san uair . . . gur tiontaíodh an carbán ar a leath-taobh agus fágadh na créatúir ina luí faoi na leapacha! Bí an t-áth orthu nár gortaíodh aon duine agus nach ndearnadh de famáiste ach gur briseadh dornan deilpe.

Tá bhrón fá'n paróiste ó chéinig an scéala as Londain go bhfuil Aodh Ó Gallchobair, fear-an-bhainne as Carraig Airt, go bhfuil sé go beag-de-maith insan ospidéal agus, ó tháirbe gur aicid-chroí atá ag cur as dó, nach bhfuil mórán súil le faoiseamh.

Comhghairdeas le Séamas D. Ó Gallchobair atá ina mhacléinn i gColáiste Muire i nDún Dealgan —é ina mac ag Seárlóid Ó Gallchobair, postmháistir Carraig Airt — cionn is gur éiriġ leis bonn óir a bhaint-amach i gcomórtas béarsaíochta i nGaeilge ag Feis Muircheimhne le linn na Cásca . . . agus iomaitheoirí ina éadan, a rabh an Gaeilge ó dúchas acu. Bí i nGort na Bráth agus i nDuiblinn Riach a rinne Séamas a cuid bunscolaíochta.

Cáit innealtóirí Aerlinte tús na seachtaine 's chuaigh thart ag déanamh suirbéireachta ar an talamh-cois-trá sin idir teach Aindí Pháraig Mhic Páidín agus an áit a rabh an sean-chaisleán ag Tiarna Dóinne. Má théann gach rud i gceart fá'n tsuíom seo mar aerphort áitiúil. Deirtear nach mbíonn sé ach cúpla mí go bhfeicfear eitleán (de déanamh an Dachóta) ag tuirlingt 'gus ag tógáil ó maidin go hoíche idir Ros na mBeann (Rosapenna) agus príomh-aerpoirt na tíre.

Is beag carr thart fá leithis Ros Goill, agus tá os ceann leath-chéad acu ann, nár imigh go Baile Bó féin go bhfeicfeadh siad an cluiche idir Tír Conaill agus Co. an Dúin—agus bí sodar fá shuailce cun an baile leo le himnse caidé mar d'éiriġ go gléigeal le buachaillí na contae seo an chraobh-bua a bhaint.

Ainmnithe Choiste Náisiúnta Mhuintir na Gaeltachta 1965

Peadar Ó Ceallaigh Uí Máine, Ceannannus Mór, Co. na Mí; M. Ó Domhnaill, An Rinn, Ins na Déise, Portláirge; Nioclas Mac Craith, Meán Scoil Nioclas. An Rinn, Portláirge; Seán Ó Concúir, O.S., Baile an Sceilg, Cill Airne; Seán Ó Criomhthain, Muirioch. Baile na nGall, Traigh Li; Tomás Ó Conchubhair, O.S., Baile Cláir na Gaillimhe, Gaillimh; Seán Ó Domhnalláin, O.S., Co.C., Má Cuillinn, Gaillimh; M. Mac Donnchadha, B.E., Gaillimh; Aodh Ó Domhnaill, O.S., Muighinis, Carna, Co. na Gaillimhe; P. Ó Ciardha O.S. Sailearna, An Spidéal, Gaillimh; P. Ó Cadain, O.S., Corr na Móna, Gaillimh; M. Ó Fatharta, O.S., An Tulach, Baile na hAbhann, Gaillimh; Taidg Ó Seighe, B.A., Ros a' Mhil, Baile na hAbhann, Gaillimh; An Dr. Ó Máille, Tuar Mhic Éadaigh, Co. Mhuigheo. Pádraig Mac Suibhne, Castléim, Acaill, Co. Mhuigheo; Annraoi Ó Corrdubh, Ros Dumhach. Co. Mhuigheo; Peadar Mac Grianna, Loch an Iubhar, Anagoire, Tírconaill; Cathal Ó Baoill, O.S., An Clochán Liath, Tírconaill; Domhnall Mac Eiteagain, O.S., Gleannbarr, Leitir Ceanainn; Pádraig Mac a' Goill, O.S., An Bhrocaigh, Ard a' Rátha, Tírconaill; Brian Ó Gallchobair, O.S., Ára Mór, Leitir Ceanainn; Seán Ó Cinnéide, O.S., Co.C., An Clochán Liath, Tírconaill: Séamas Mac Ruairí Co.C., Ceann Caslach, Tírconaill; Cathal Mac Grianna, Co.C., Falcarrach, Tírconaill; Máiréad Nic Donnchadha, M.A. Coláiste Iosagáin, Árdan Port an Iarla, Baile Átha Cliath; Seán Ó Gallchobair, O.S., Choc an Stolaire, Dun Beag, Tírconaill: Éanna Mac a' Bháird, O.S., Na Dúnaibh, Tírconaill.